CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1105 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Iúil 2021

maidir le haitheantas a thabhairt do shocruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin Shingeapór i dtaca le hidirbhearta díorthach faoi maoirseacht an Monetary Authority of Singapore ("Údarás Airgeadaíochta Shingeapór") mar shocruithe atá coibhéiseach le ceanglais áirithe a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 maidir le sásra lena dtugtar cumhacht don Choimisiún cinntí coibhéise a ghlacadh lena ndearbhaítear go bhfuil socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin tríú tír coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 4, 9, 10 agus 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ionas, i dtaca leis na contrapháirtithe a dhéanann idirbheart faoi raon feidhme an Rialacháin sin, i gcás ina mbeidh ceann amháin ar a laghad de na contrapháirtithe bunaithe sa tríú tír sin, go measfar go mbeidh na ceanglais sin comhlíonta ag na contrapháirtithe sin trí na ceanglais a leagtar amach i gcóras dlí na tíre sin a chomhlíonadh. Leis an dearbhú coibhéise rannchuidítear le haidhm uileghabhálach Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a bhaint amach, mar atá an riosca sistéamach a laghdú, trédhearcacht mhargaí na ndíorthach a mhéadú trína áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go comhsheasmhach ar an leibhéal idirnáisiúnta na prionsabail a comhaontaíodh le tríú tíortha agus a leagtar síos sa Rialachán sin.

(2) Le hAirteagal 11(1), (2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, Rialachán a fhorlíontar le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ([2]) ón gCoimisiún agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 ([3]) ón gCoimisiún, bunaítear ceanglais dlí an Shingeapór maidir le conradh díorthach thar an gcuntar a dheimhniú go tráthúil, feidhmiú comhbhrú punainne a chur sa siúl agus na socruithe ar dá réir a dhéantar punanna a réiteach i ndáil le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag contrapháirtí lárnach ("CPL"); chomh maith leis sin, leagtar síos sna forálacha sin na hoibleagáidí luachála agus na hoibleagáidí réitigh díospóide is infheidhme maidir leis na conarthaí sin ("teicnící um maolú riosca oibríochtúil") chomh maith leis na hoibleagáidí maidir le malartú comhthaobhachta ("éarlaisí") idir contrapháirtithe.

(3) Chun go measfar córas dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin tríú tír a bheith coibhéiseach le córas dlí an Aontais i ndáil le teicnící um maolú riosca oibríochtúil agus ceanglais éarlaisí, ba cheart toradh substainteach na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a bheith coibhéiseach le ceanglais an Aontais faoi Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, agus leis an toradh substainteach sin, ba cheart cosaint a áirithiú don rúndacht ghairmiúil a bheadh coibhéiseach leis an gcosaint dá bhforáiltear in Airteagal 83 den Rialachán sin. Thairis sin, ní mór na socruithe coibhéiseacha dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, cothromasach agus neamhshaofa sa tríú tír sin. Dá bhrí sin, is cuid den mheasúnú ar choibhéis é a fhíorú cé acu a áirithítear leis na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin i dtríú tír nach bhfágtar margaí airgeadais san Aontas ar neamhchosaint ar leibhéal riosca is airde le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL agus a dhéanann ar a laghad contrapháirtí amháin atá bunaithe sa tríú tír sin agus, dá bhrí sin, nach mbaineann leibhéil riosca shistéamaigh atá neamh-inghlactha san Aontas leis na conarthaí díorthach thar an gcuntas sin.

([1]) IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le caighdeáin theicniúla rialála maidir le socruithe imréitigh indírigh, an oibleagáid imréitigh, leis an gclár poiblí, le rochtain ar ionad trádála, le contrapháirtithe neamhairgeadais, agus le teicnící um maolú riosca le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntas nach bhfuil imréitithe ag CPL (IO L 52, 23.2.2013, lch. 11).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála i dtaca le caighdeáin theicniúla rialála maidir le teicnící um maolú riosca le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag contrapháirtí lárnach (IO L 340, 15.12.2016, lch. 9).

(4) Ní ar anailís chomparáideach ar na ceanglais dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin is infheidhme i Singeapór amháin atá an Cinneadh seo bunaithe, ach ar mheasúnú ar thoradh na gceanglas sin freisin, agus ar a leordhóthanacht maidir leis na rioscaí a eascraíonn ó na conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL ar bhealach a mheastar a bheith coibhéiseach le toradh na gceanglas a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(5) Leagtar amach na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin is infheidhme i Singeapór maidir le conarthaí díorthach nach bhfuil imréitithe go lárnach sna Securities and Futures (licensing and conduct of business) Regulations ([Rialacháin maidir le hUrrúis agus le Todhchaí (ceadúnú agus déanamh gnóthaíochta)]), chomh maith leis na Treoirlínte maidir le ceanglais um maolú riosca maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach go lárnach ("Treoirlínte maidir le maidir le ceanglais maidir le maolú riosca") agus sna Treoirlínte maidir le ceanglais éarlaise maidir le conarthaí díorthach nach bhfuil imréitithe go lárnach ("Treoirlínte maidir le héarlaisí") de chuid Údarás Airgeadaíochta Shingeapór ("MAS"). Tháinig na Treoirlínte maidir le héarlaisí i bhfeidhm an 1 Márta 2017 agus foilsíodh na treoirlínte maidir le ceanglais um maolú riosca i mí Aibreáin 2019. Is é MAS banc ceannais agus rialtóir airgeadais Shingeapór agus déanann sé maoirseacht stuamachta ar gach institiúid airgeadais i Singeapór, lena n-áirítear bainc, bainc infheistíochta, cuideachtaí árachais, idirghabhálaithe mhargadh caipitil, comhairleoirí airgeadais agus bonneagair an mhargaidh airgeadais. Tá dlínse aici ar dhíorthaigh thar an gcuntar de réir bhrí Airteagal 2(7) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(6) Na teicnící um maolú riosca oibríochtúil maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL, mar a leagtar síos in Airteagal 54B de na Rialacháin, sna Treoirlínte maidir le ceanglais um maolú riosca agus sna Treoirlínte maidir le Ceanglais Éarlaise MAS, tá siad cosúil i gcomparáid leis na teicnící dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 maidir le deimhniú tráthúil, luacháil conarthaí, comhbhrú punainne, réiteach punainne agus réiteach díospóidí.

(7) Maidir leis na ceanglais i dtaca le deimhniú tráthúil, comhbhrú agus réiteach punainne, luacháil agus réiteach díospóidí is infheidhme maidir le díorthaigh thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag contrapháirtí lárnach, d'fhéadfaí a mheas go bhfuil na rialacha maidir le díorthaigh thar an gcuntar atá i dTreoirlínte MAS coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach i mír 1 agus i mír 2 d'Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Mura gcomhlíontar na Treoirlínte, féadfaidh sé go ngníomhachtófar athbhreithniú ar an údarú faoina n-oibríonn eintitis faoi réir na dTreoirlínte.

(8) Tá feidhm ag rialacha éarlaise Shingeapór maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar mar a shainítear i bpointe (7) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, cé is moite d'idirbhearta réamh-mhalairte agus babhtálacha airgeadraí eachtracha, idirbhearta seasta réamh-mhalairte airgeadraí eachtracha a shocraítear go fisiceach agus a bhaineann le malartú príomhshuime trí bhabhtálacha trasairgeadra, díorthaigh tráchtearraí a shocraítear go fisiciúil a dhéantar chun críocha tráchtála, díorthaigh neamh-imréitithe gan comhaontú glanluachála is in-fhorfheidhmithe le dlí, díorthaigh neamh-imréitithe gan socrú comhthaobhachta is in-fhorfheidhmithe le dlí, roghanna cothromais agus roghanna innéacs cothromais. Chomh maith leis sin, ní fhoráiltear i rialacha éarlaise Shingeapór maidir leis an láimhseáil shonrach ar tháirgí struchtúraithe, agus áirítear leis sin táirgí struchtúraithe amhail bannaí faoi chumhdach agus urrúsuithe. Faoi théarmaí Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251, babhtálacha airgeadraí eachtracha agus idirbhearta réamh-mhalairte airgeadraí eachtracha ó cheanglais éarlaise tosaigh, agus malartú phríomhshuim bhabhtálacha airgeadraí, díolmhaítear iad ó cheanglais éarlaisí tosaigh, agus maidir le díorthaigh a bhaineann le bannaí faoi chumhdach chun críocha fálaithe, agus díorthaigh lena ngabhann contrapháirtithe i dtríú tíortha nach féidir in-fhorfheidhmitheacht dlí comhaontuithe glanluachála ná cosaint chomhthaobhachta a áirithiú ina leith, chomh maith le roghanna cothromais aonstoic agus roghanna innéacs, is iad sin amháin a thairbhíonn de dhíolúintí ó cheanglais éarlaise. Níor cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag an gCinneadh seo maidir le díorthaigh tráchtearraí a shocraítear go fisiciúil agus a dhéantar chun críocha tráchtála.

(9) Na ceanglais éarlaise a leagtar amach sna Treoirlínte ar éarlaisí, tá feidhm acu maidir le "daoine a dhíolmhaítear ó cheadúnas seirbhísí margaí caipitil a bheith acu faoi alt 99(1)(a) nó (b) de SFA" ("Eintiteas faoi Chumhdach MAS"), lena dtagraítear do bhainc arna gceadúnú faoin Banking Act of Singapore ([Acht Baincéireachta Shingeapór]) agus do bhainc infheistíochta. Fiachais cheannasacha, bainc cheannais, gníomhaireachtaí iltaobhacha incháilithe, eagraíochtaí nó eintitis, an Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, an Banc Domhanda, an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha, ní áirítear iad faoin sainmhíniú a dhéantar ar Eintiteas Faoi Chumhdach. Dá bhrí sin, an sainmhíniú a dhéantar ar "contrapháirtí airgeadais", is fothacar é de chuid an tsainmhínithe a dhéantar ar "MAS Covered Entity" ([Eintiteas faoi Chumhdach MAS]) i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Ba cheart, dá bhrí sin, go gcumhdófaí leis an gcinneadh seo na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin maidir le maolú riosca oibríochtúil agus malartú oibleagáidí comhthaobhachta is infheidhme maidir le hEintitis faoi Chumhdach MAS.

(10) Ní mór d'Eintiteas faoi Chumhdach MAS éarlais athrúcháin a mhalartú más mó ná S$ 5 billiún a mheánmhéid barúlach comhiomlán ag deireadh na míosa i dtaca le conarthaí díorthach nach bhfuil imréitithe le haghaidh an Mhárta, an Aibreáin agus na Bealtaine sa bhliain nó i gcás idirbhirt le hEintiteas faoi Chumhdach MAS ar mó ná an tairseach sin a mheánmhéid barúlach comhiomlán ag ceann na míosa i dtaca le conarthaí díorthach nach bhfuil imréitithe le haghaidh an Mhárta, an Aibreáin agus na Bealtaine sa bhliain. Le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ceanglaítear ar na contrapháirtithe uile in idirbheart díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL éarlais athrúcháin a mhalartú ar bhonn laethúil. Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh an Cinneadh seo ag brath ar éarlais athrúcháin a mhalartú i gcás idirbheart a dhéantar le hEintitis faoi Chumhdach MAS faoi réir rialacha éarlaise Shingeapór.

(11) De réir na dTreoirlínte maidir le héarlaisí, ba cheart malartú na n-éarlaisí tosaigh agus athrúcháin (dá ngairtear le chéile "éarlaisí") a dhéanamh laistigh den timthriall socraíochta caighdeánach le haghaidh an chineáil ábhartha comhthaobhachta ach tráth nach déanaí ná trí lá gnó ó dháta an idirbhirt nó ón dáta ar a gcaithfear éarlais a athríomh. Le Rialachán Tarmligthe Uimh. (AE) 648/2012, ceanglaítear ar na contrapháirtithe uile i gconradh díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL éarlaisí athrúcháin a mhalartú ar bhonn laethúil, nó coigeartú a dhéanamh ar an tréimhse éarlaise faoi riosca a úsáidtear chun an éarlais tosaigh a ríomh. Dá bhrí sin, ba cheart coinníollacha a leagan síos maidir leis an éarlais athrúcháin.

(12) Amhail na ceanglais a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251, faoi na Treoirlínte maidir leis na héarlaisí, Eintitis faoi Chumhdach MAS lena ngabhann meánmhéid barúlach comhiomlán díorthach neamh-imréitithe thar an gcuntas, díorthaigh a ríomhtar ar leibhéal an ghrúpa comhdhlúite agus gan idirbhearta ionghrúpa a áireamh, ní mór dóibh éarlais tosaigh a mhalartú le haghaidh an Mhárta, an Aibreáin agus na Bealtaine sa bhliain inar mó ná S$13 billiún an ríomh. Ghlac Singeapór an sceideal céimnithe isteach a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta maidir le ceanglais éarlaise tosaigh. Foráiltear freisin sna Treoirlínte maidir le híosmhéid comhcheangailte aistrithe d'éarlais tosaigh agus d'éarlais athrúcháin S$800 000. Is é EUR 500 000 an tairseach in Airteagal 25 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251. I bhfianaise na difríochta imeallaí i luach na n-airgeadraí seo, ba cheart a mheas go bhfuil na méideanna sin coibhéiseach.

(13) Amhail an modh caighdeánaithe lena ríomhtar an éarlais tosaigh a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251, faoi rialacha éarlaise Shingeapór, is féidir úsáid a bhaint as samhail chaighdeánaithe atá coibhéiseach leis an tsamhail a leagtar amach san Iarscríbhinn thuasluaite. Mar mhalairt rogha, féadfar samhlacha inmheánacha nó samhlacha tríú páirtí a úsáid chun éarlais tosaigh a ríomh i gcás ina bhfuil paraiméadair shonracha áirithe sna samhlacha sin, lena n-áirítear íos-eatraimh mhuiníne agus tréimhsí éarlaise faoi riosca, agus sonraí stairiúla áirithe lena n-áirítear tréimhsí struis. Sula n-úsáidfear samhail inmheánach nó tríú páirtí, agus sula ndéanfar aon athruithe orthu, ní mór do chontrapháirtithe fógra a thabhairt do MAS agus an doiciméadacht ábhartha uile a chur ar fáil, lena n-áirítear modheolaíocht don tsamhail, sonraíochtaí agus tuarascálacha maidir le bailíochtú chun a léiriú go gcomhlíontar leis an tsamhail na Treoirlínte maidir le héarlaisí.

(14) Na ceanglais in éarlaisí tosaigh Shingeapór maidir le comhthaobhacht incháilithe agus leis an gcaoi a sealbhaítear agus a scartar an chomhthaobhacht sin, tá siad coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251. I rialacha éarlaise Shingeapór, tá freisin liosta comhchosúil de chomhthaobhacht incháilithe agus leis na rialacha sin ceanglaítear ar Eintitis faoi Chumhdach MAS éagsúlú réasúnta a dhéanamh ar an gcomhthaobhacht a bhailítear leo, lena n-áirítear trí urrúis a bhfuil leachtacht íseal acu a theorannú d'fhonn comhchruinniú comhthaobhachta a sheachaint. Na ceanglais i rialacha éarlaise Shingeapór is infheidhme maidir le luacháil comhthaobhachta, tá siad inchomparáide leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 19 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251.

(15) Maidir leis an leibhéal comhionann cosanta don rúndacht ghairmiúil i Singeapór, tá fostaithe MAS faoi réir na bhforálacha maidir leis an rúndacht ghairmiúil a áirítear san Acht Údarás Airgeadaíochta Shingeapór ("Acht MAS"), Acht lena dtoirmeasctar stiúrthóirí, oifigigh, fostaithe, sainchomhairleoirí agus gníomhairí de chuid MAS faisnéis a nochtadh a cuireadh in iúl dóibh le linn dóibh a ndualgais a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, le "Acht MAS" ráthaítear maidir leis an rúndacht ghairmiúil, lena n-áirítear cosaint a thabhairt do rúin ghnó a mhalartaíonn na húdaráis inniúla le tríú páirtithe, agus tá na ráthaíochtaí seo coibhéiseach leis na ráthaíochtaí a leagtar amach i dTeideal VIII de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Ba cheart a mheas go ndéantar leis an "Acht MAS" leibhéal coibhéiseach cosanta a sholáthar don rúndacht ghairmiúil mar a ráthaítear i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(16) Ar deireadh, a mhéid a bhaineann le maoirseacht éifeachtach agus forfheidhmiú éifeachtach na socruithe dlí i Singeapór, is ar MAS an phríomhfhreagracht as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na dTreoirlínte agus as an gcomhlíonadh sin a fhorfheidhmiú. Tá sé de chumhacht ag MAS raon leathan beart maoirseachta a dhéanamh chun aon sárú ar na ceanglais is infheidhme a stopadh, amhail litreacha réamhrabhaidh, stiúrthóirí a bhaint, formheasanna maoirseachta a dhiúltú nó teorainneacha a chuirtear le gníomhaíochtaí Eintitis faoi Chumhdach MAS. Leis na bearta sin, ba cheart a mheas dá bhrí sin go bhforáiltear ar bhealach atá cothromasach agus neamhshaofa maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach na socruithe ábhartha dlí, rialála agus forfheidhmiúcháin faoi rialacha díorthach thar an gcuntar Shingeapór, chun maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach a áirithiú.

(17) Ag tráth glactha an Chinnidh, aithnítear sa Chinneadh seo coibhéis na gceanglas ceangailteach a bhí leagtha síos ag MAS maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar is infheidhme. Déanfaidh an Coimisiún faireachán go rialta, i gcomhar le ESMA, ar éabhlóid na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin i dtaca leis na conarthaí díorthach thar an gcuntar sin agus ar a gcur chun feidhme comhsheasmhach éifeachtach, maidir le deimhniú tráthúil, comhbhrú punainne agus réiteach punainne, luacháil, réiteach díospóidí agus na ceanglais éarlais is infheidhme maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar, nach bhfuil imréitithe ag CPL a ndearnadh an Cinneadh seo ina leith. Mar chuid d'iarrachtaí faireacháin an Choimisiúin, féadfar a iarraidh ar MAS faisnéis a sholáthar maidir le forbairtí rialála agus maoirseachta. Féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú sonrach a dhéanamh tráth ar bith i gcás ina bhfágfaidh forbairtí ábhartha gur gá don Choimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar an dearbhú coibhéise a dheonaítear leis an gCinneadh seo. D'fhéadfadh sé go n-aisghairfí an Cinneadh sin, rud a d'fhágfadh go huathoibríoch go mbeadh contrapháirtithe faoi réir na gceanglas uile a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Eorpach um Urrúis,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Chun críocha Airteagal 13(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin de chuid Shingeapór maidir le deimhniú trádála, comhbhrú agus réiteach punainne, luacháil agus réiteach díospóidí a chuirtear i bhfeidhm ar idirbhearta a rialaítear le hÚdarás Airgeadaíochta Shingeapór ("MAS") mar dhíorthaigh thar an gcuntar agus nach bhfuil imréitithe ag CPL, measfar iad a bheith coibhéiseach leis na ceanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, i gcás ina mbeidh ceann amháin ar a laghad de na contrapháirtithe sna hidirbhearta sin bunaithe i Singeapór agus i gcás inar conarthaí díorthach thar an gcuntar a shainmhínítear faoi na Treoirlínte maidir le ceanglais éarlais maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntas nach bhfuil neamh-imréitithe.

Airteagal 2

Chun críocha Airteagal 13(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, maidir le socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin Shingeapór maidir le malartú comhthaobhachta a chuirtear i bhfeidhm ar idirbhearta a rialaítear mar dhíorthaigh thar an gcuntar leis an MAS agus nach bhfuil imréitithe ag CPL, cé is moite de dhíorthaigh tráchtearraí a shocraítear go fisiceach chun críocha tráchtála, measfar go bhfuil siad coibhéiseach le ceanglais mhír 3 d'Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go bhfuil ceann amháin ar a laghad de na contrapháirtithe sna hidirbhearta sin bunaithe i Singeapór agus gur Eintiteas faoi Chumhdach MAS é mar a shainítear faoi na Treoirlínte maidir le ceanglais éarlaise maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach i Singeapór;

(b) i gcás ina gceanglaítear éarlais athrúcháin a chur ar fáil faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, malartaítear éarlais athrúcháin an lá céanna ar a ríomhtar é.

De mhaolú ar phointe (b), i gcás ina suífear idir na contrapháirtithe nach féidir an éarlais athrúcháin a sholáthar go comhsheasmhach an lá céanna a ríomhtar é, measfar go bhfuil socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin Shingeapór coibhéiseach le ceanglais Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i gcás ina malartaítear an éarlais athrúcháin laistigh de dhá lá gnó ó thráth a ríofa agus ina ndéantar coigeartú ar an tréimhse éarlaise faoi riosca a úsáidtear chun éarlais tosaigh a ríomh dá réir sin.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN